CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1662 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Lúnasa 2023

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Cultúr, oideachas, teanga agus traidisiúin na hÚcráine a chaomhnú agus a fhorbairt i mBallstáit an Aontais' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Cultúr, oideachas, teanga agus traidisiúin na hÚcráine a chaomhnú agus a fhorbairt i mBallstáit an Aontais' faoi bhráid an Choimisiúin an 17 Iúil 2023.

(2) Rinneadh an iarraidh sin tar éis na hiarrata ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Tionscnamh ó shaoránaigh an Aontais maidir le stádas speisialta a dheonú don Úcráinis san Aontas Eorpach', tionscnamh a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 26 Aibreán 2023.

(3) Maidir leis an iarraidh ar chlárú a cuireadh isteach an 26 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún in iúl don ghrúpa eagraithe, trí litir dar dáta an 24 Bealtaine 2023 (C(2023) 3440 final), agus de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, gur comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e), den Rialachán sin agus nach raibh Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (b) de infheidhme. Mhínigh an Coimisiún freisin, áfach, nár chomhlíon an tionscnamh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788. Tagraíodh sa tionscnamh do Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh de chuid Chomhairle na hEorpa mar bhunús dlí ábhartha, seachas forálacha na gConarthaí. Agus cuspóirí an tionscnaimh á scrúdú ag an gCoimisiún, thagair sé d'Airteagal 342 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus mhínigh sé nár thug sé sin bunús dlí don Choimisiún rialachán ón gComhairle a mholadh lena rialófaí úsáid na hÚcráinise in institiúidí an Aontais, ós rud é nach ndéantar foráil le hAirteagal 342 CFAE maidir le haon ról don Choimisiún. Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an gceart an Úcráinis a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí rialtais, níl sé de chumhacht ag an gCoimisiún aon reachtaíocht a mholadh ina leith sin. Maidir leis an gcuspóir feasacht ar éagsúlacht teangacha agus ilteangachas san Aontas a mhéadú agus beartais a chur chun cinn lena dtacaítear le teangacha agus cultúir mhionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn ar fud na hEorpa, d'fhéadfadh an Coimisiún reachtaíocht a mholadh bunaithe ar Airteagal 167 CFAE, ach i bhfianaise Airteagal 167(5) CFAE, níor mhór aon ghníomhaíocht ón gCoimisiún a theorannú do 'bhearta dreasachta'. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do na heagraithe de bhun Airteagal 6(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/788 go bhféadfaidís an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh, nó an tionscnamh tosaigh a choimeád ar bun, nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/788.

(4) An 17 Iúil 2023, chuir an grúpa eagraithe an tionscnamh isteach arís.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

(5) Is mar a leanas a chuir na heagraithe cuspóirí an tionscnaimh leasaithe in iúl: ‘chun go ndéanfaidh an tAontas Eorpach gníomhaíochtaí breise chun tacú le dídeanaithe ón Úcráin. D’fhéadfadh an Coimisiún reachtaíocht a mholadh bunaithe ar Airteagal 167 CFAE, lena ndíreofaí ar éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach agus ar an oidhreacht chultúrtha. Tá sé d’aidhm ag an tionscnamh bearnaí cultúrtha a líonadh agus oidhreacht chultúrtha agus teanga na hÚcráine a chumhachtú i measc chomhphobal an Aontais, agus ar an mbealach sin braistint chomhuintearais a chothú agus lánpháirtiú na ndídeanaithe ón Úcráin a chur chun cinn. Is féidir linn oibriú i dtreo Eoraip níos cuimsithí agus níos comhchuí trí éagsúlacht teangacha agus féiniúlachtaí cultúrtha a aithint agus a ghlacadh chugainn féin, trí struchtúr uile-Eorpach d’ionaid lánpháirtíochta a bhunú.’

(6) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh leasaithe, tugtar tuilleadh sonraí faoi ábhar, faoi chuspóirí agus faoi chúlra an tionscnaimh. Tagraítear inti do chaomhnú chultúr, theanga, thraidisiúin agus oidhreacht na ndídeanaithe ón Úcráin agus do ‘straitéis reachtach a chur le chéile chun an Úcráinis a chosaint mar theanga de chuid an Aontais amach anseo’. Sa chomhthéacs sin, luaitear san iarscríbhinn go bhfuil stádas na hÚcráine mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas ar na ‘forais le haghaidh lánpháirtiú iomlán shaoránaigh na hÚcráine sa chomhphobal Eorpach’. Dá bhrí sin, tá sé d’aidhm ag an tionscnamh leasaithe ‘cultúr, oideachas, teanga agus traidisiúin na hÚcráine a chaomhnú agus a fhorbairt i mBallstáit an Aontais’ ar bhonn Airteagal 167(2), (3) agus (4) CFAE. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, molann na heagraithe ionaid faisnéise a bhunú i mBallstáit ina bhfuil líon dídeanaithe san Úcráin nach lú ná 10 000 duine, ‘le tacaíocht airgeadais agus faoi choimirce struchtúir an Aontais Eorpaigh’.

(7) Measann an Coimisiún go bhféadfaí na bearta a iarrtar leis an tionscnamh a mholadh, i bprionsabal, faoi Airteagal 79(4) CFAE, lena gceadaítear ‘bearta a ghlacadh chun dreasachtaí agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht na mBallstát d’fhonn lánpháirtiú na náisiúnach tríú tíortha a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar a gcríocha a chur chun cinn’ ach ‘gan aon chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacháin na mBallstát’. Ar choinníoll go bhfuil an tionscnamh teoranta do lánpháirtiú na ndídeanaithe ón Úcráin a chur chun cinn sna Ballstáit lena mbaineann, bheadh Airteagal 79(4) CFAE ina bhunús dlí iomchuí. D’fhéadfadh sé gurb é a bheadh i gceist le lánpháirtiú den sórt sin eolas a fháil ar theangacha náisiúnta agus ar shochaí na mBallstát lena mbaineann d’fhonn cumarsáid a éascú idir na dídeanaithe ón Úcráin agus saoránaigh an Aontais, agus idirghníomhaíocht a spreagadh agus caidreamh sóisialta a fhorbairt eatarthu.

(8) Measann an Coimisiún freisin go bhféadfadh Airteagal 78(2), pointe (c), CFAE, lenar féidir bearta reachtacha a ghlacadh le haghaidh ‘comhchóras cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe i gcás insreabhadh ollmhór’, a bheith ina mbunús dlí breise, ar choinníoll go bhfuil an tionscnamh teoranta do na dídeanaithe ón Úcráin ar tairbhithe cosanta sealadaí iad, agus iad siúd amháin, agus go bhfuil raon feidhme ama an tionscnaimh teoranta do thréimhse na cosanta sealadaí ansin.

(9) Ina theannta sin, maidir leis na bearta sonracha a mholtar leis an tionscnamh leasaithe chun cultúr, teanga, traidisiúin agus oidhreacht mhuintir na hÚcráine a chaomhnú, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a chur isteach ar bhonn Airteagal 167 CFAE, chun eolas ar chultúr na bpobal Eorpach agus a scaipeadh a fheabhsú agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint. Mar sin féin, de bhun Airteagal 167(5) CFAE, níor mhór aon ghníomhaíocht a dhéanfadh an Coimisiún ina leith sin a theorannú do ‘bhearta dreasachta’ a mholadh.

(10) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh leasaithe ann ar follas nach dtagann sí faoi chuimsiú chumhachtaí an Choimisiúin togra a chur isteach le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(11) Is conclúid é sin atá gan dochar don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha is gá le go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(12) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.

(13) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Cultúr, oideachas, teanga agus traidisiúin na hÚcráine a chaomhnú agus a fhorbairt i mBallstáit an Aontais' a chlárú.

(15) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní rud í a thugann le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar aon bhealach go bhfuil ábhar an tionscnaimh leasaithe cruinn fíorasach, agus is é grúpa eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann a bhfuil sa tionscnamh leasaithe ach tuairimí an ghrúpa eagraithe in iúl, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar tionscnamh na saoránach Eorpach dar teideal 'Cultúr, oideachas, teanga agus traidisiúin na hÚcráine a chaomhnú agus a fhorbairt i mBallstáit an Aontais'.

Airteagal 2

Is chuig grúpa eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh dar teideal 'Cultúr, oideachas, teanga agus traidisiúin na hÚcráine a chaomhnú agus a fhorbairt i mBallstáit an Aontais' a dhírítear an Cinneadh seo, grúpa a ndéanann an tUasal Konstantins ČERŅENOKS agus an tUasal Dmitrijs SARAFANOVS ionadaíocht air, ag gníomhú dóibh mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán